**Eagrán Speisialta ***

**17 Aibreán 2020**

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Clár

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Chúirt Iniúchóirí**

Fógra Folúntais CIE/2020/6 – Oifigeach Cosanta Sonraí (post amháin – feidhmghrúpa AD, grád AD 9 – AD 12) . . . . 1

GA

* Faoin tagairt C 124 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

**FÓGRA FOLÚNTAIS CIE/2020/6 – Oifigeach Cosanta Sonraí**

**(post amháin – feidhmghrúpa AD, grád AD 9 – AD 12)**

**CÉ MUIDE**

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Ba thiar sa bhliain 1975 a bunaíodh CIE, is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í. Táimid lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 ball foirne iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin fostaithe againn ó gach náisiúntacht AE.

Feidhmíonn CIE mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 Comhalta, le comhalta amháin ó gach Ballstát AE. Seiceálann ár n-iniúchóirí go gcoimeádann an AE cuntais mhaithe agus go gcuirtear a rialacha airgeadais i bhfeidhm i gceart, agus go ngnóthaítear na cuspóirí beartaithe lena bheartais agus cláir, agus go gcuirtear luach ar airgead ar fáil leo.

Rannchuidímid trínár gcuid oibre chun bainistíocht airgeadais AE a fheabhsú agus chun cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn. Tugaimid rabhadh maidir le rioscaí, soláthraímid dearbhú, tugaimid eolas maidir le heasnaimh agus rath, agus tairgimid treoir do lucht ceaptha beartas agus reachtóirí an Aontais. Cuirimid ár mbreathnóireachtaí agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an AE, agus rialtas agus pharlaimintí náisiúnta, mar aon leis an bpobal i gcoitinne.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), bíonn feidhm neamhspleách ag an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS), agus is í an Chúirt a cheapann é ar bhonn díreach.

**A bhFUIL Á THAIRISCINT AGAINN**

Chinn an Chúirt nós imeachta earcaíochta a sheoladh le haghaidh Oifigeach Cosanta Sonraí (grád AD9-AD12) agus liosta ionadaithe a dhréachtú d'iarrthóirí oiriúnacha ar bhunús Airteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (dá ngairfear "na Rialacháin Foirne" anseo feasta). Reáchtálfar an nós imeachta eisceachtúil seo, a bhaineann le post óna dteastaíonn cáilíochtaí speisialta, go comhthreomhar leis na nósanna imeachta earcaíochta inmheánacha agus idirinstitiúideacha, i gcomhréir le hAirteagal 29(1) (a) go (c) de na Rialacháin Foirne, d'fhonn rogha iarrthóirí an Údaráis Cheapacháin a leathnú.

Leagtar síos ról, sainordú agus freagrachtaí an OCS i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 de rialacha cur chun feidhme CIE i leith an OCS. Áirithíonn an OCS ar bhealach neamhspleách go gcuireann an Institiúid i bhfeidhm an dlí lena gcosnaítear daoine nádúrtha i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCúirt.

Is amhlaidh de réir údarás Uachtarán na Cúirte, a bheidh an OCS freagrach as, gan a bheith teoranta dó, chun:

— a áirithiú ar bhealach neamhspleách, go gcloíonn CIE lena hoibleagáidí cosanta sonraí de bhun Rialachán (CE) 2018/1725;

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

— eolas agus comhairle a thabhairt, agus feasacht a spreagadh don Chúirt agus d'fhoireann CIE maidir le saincheisteanna Cosanta Sonraí Pearsanta;

— comhairle a thabhairt faoi bhearta riaracháin ghinearálta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chosaint sonraí pearsanta, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí nua;

— a áirithiú go mbíonn rialtóirí agus daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoina gcearta agus oibleagáidí de bhun Rialachán (AE) 2018/1725;

— tuairimí agus comhairle a thabhairt do sheirbhísí CIE maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag CIE, agus freisin sa phróiseas ceadaithe um bainistiú an athraithe;

— clár agus fardal a choimeád d'oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta a dtugann CIE fúthu;

— clár a choimeád de sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta;

— clár anaithnid a choimeád do theachtadh chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí;

— gearáin agus iarrataí eile a éisteacht agus a iniúchadh ó dhaoine is ábhar do na sonraí, agus fiosruithe a stiúradh mar fhreagra ar ghearáin nó ar a t(h)ionscnamh féin ina limistéar freagrachta;

— saincheisteanna agus fíricí a imscrúdú ar iarraidh a fháil nó ar a t(h)ionscnamh féin i ndáil le sárú féideartha ar na forálacha a leagtar síos sa Rialachán agus tuairisciú dá réir;

— treoirlínte agus nósanna imeachta a dhréachtú i ndáil leis na dea-chleachtais maidir le cosaint sonraí lena gcuirtear chun cinn infheidhmeacht na bprionsabal maidir le príobháideachas d'aon ghnó agus mar réamhshocrú;

— comhar maidir le measúnuithe tionchair phríobháideachais a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta leis an rialtóir;

— freagairt a thabhairt ar iarrataí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), agus laistigh dá réimse inniúlachta, comhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint arna iarraidh sin aige nó aici nó ar a t(h)ionscnamh féin;

— fógra a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) faoi na hoibríochtaí próiseála ar dócha go mbainfidh rioscaí sonracha leo; agus

— freastal go rialta ar chruinnithe laistigh d'obair allamuigh um chosaint sonraí, comhar idirinstitiúideach a dhéanamh agus malartú faisnéise frithpháirteach a bhunú le hInstitiúidí agus comhlachtaí AE eile.

Cinnfear grádú na n-iarrthóirí rathúla ar bhunús a dtaithí gairmiúla ábhartha: 9 mbliana ar a laghad le haghaidh ghrád AD9, 12 bhliain le haghaidh ghrád AD10, 15 bliana le haghaidh ghrád AD11 agus 18 mbliana le haghaidh ghrád AD12.

Is é an buntuarastal míosúil do ghráid AD9 agus AD12 (céim 1) ná EUR 8 002,30 agus EUR 11 590,57 faoi seach.

De réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne, ag brath ar imthosca aonair agus ar chomhdhéanamh teaghlaigh, féadfar liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal sin, rud a thiocfaidh faoi réir cháin AE agus a bheidh díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Tairgeann insitiúidí AE a bplean pinsin agus córas slándála sóisialaí féin, bunaithe ar ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail ag a bhfoinse.

Féadfaidh leanaí na mball foirne clárú saor in aisce ag an Scoil Eorpach.

**A bhFUIL Á LORG AGAINN**

I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Beidh an nós imeachta earcaíochta seo ar oscailt d'iarratasóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin spriocdháta d'iarratais:

1. *Ceanglais dhlíthiúla*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne:

— a bheith ina náisiúnach de ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— a bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach;

— aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi le dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;

— na riachtanais charachtair do na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

2. *Cáilíochtaí*

De réir Airteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

— leibhéal oideachais ar comhionann é le staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma nuair is ceithre bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó

— leibhéal oideachais ar comhionann é le staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil iomchuí aon bhliain amháin ar a laghad nuair is trí bliana ar a laghad atá sa ghnáth-thréimhse d'oideachas ollscoile.

Ní bhreithneofar ach amháin cáilíochtaí a bronnadh i mBallstát AE nó a thiocfaidh faoi réir na ndeimhnithe comhionannais arna n-eisiúint ag na húdaráis sna Ballstáit AE sin.

3. *Taithí ghairmiúil*

Taithí ghairmiúil lánaimseartha chruthaithe naoi (9) mbliana ar a laghad a mbaineann cúig (5) bliana díobh le dualgais mar OCS tar éis dhámhachtain na cáilíochta lena ndeimhnítear comhlíonadh na leibhéal staidéir riachtanach mar choinníoll d'incháilitheacht thuasliostaithe.

4. *Eolas ar theangacha*

Ós rud é gurb iad Béarla agus Fraincis teangacha oibre oifigiúla na Cúirte, bíonn sáreolas de dhíth ar cheann amháin de na teangacha sin (íosleibhéal C1 sa tuiscint, labhairt agus scríbhneoireacht) agus eolas maith de dhíth ar an teanga eile (íosleibhéal B1 sna catagóirí céanna).

Chun do scileanna teanga iasachta a mheasúnú, féach:

http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr

II. CEANGLAIS SPEISIALTA

1. *Eolas sa réimse*

— Taithí ghairmiúil chruthaithe ar reachtaíocht a chur i bhfeidhm maidir le cosaint sonraí pearsanta, b'fhearr obair leis na hInstitiúidí, Gníomhaireachtaí nó Comhlachtaí Eorpacha agus laistigh díobh, nó seirbhís ghaolmhar laistigh de Riarachán Náisiúnta le Ballstát AE;

— eolas ar theicneolaíochtaí faisnéise, lena n-áirítear gnéithe slándála teicniúla.

2. *Buanna*

— Céim Ollscoile sa Dlí, sa TF, nó in aon réimse ábhartha do na dualgais ar a gcuirtear síos thuas;

— Deimhniú OCS arna eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin ar a gcuirtear síos in Airteagal 42 agus Airteagal 43 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] nó ag comhlachas idirnáisiúnta um chosaint sonraí.

---

[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

3. *Scileanna boga*

— An cumas obair ar ardchaighdeán a dhéanamh, agus an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil mar aon le cur chuige oscailte agus inrochtana, cúirtéis agus neamhchlaontacht a léiriú;

— An cumas cruthaithe anailís a dhéanamh ar fhaisnéis chasta, roghanna a bhreithniú ar bhealach soiléir agus struchtúrtha, moltaí a dhéanamh agus a chur chun feidhme agus cinntí fónta a dhéanamh;

— An cumas cruthaithe oibriú faoi bhrú agus de réir spriocdhátaí dochta, cinntí tráthúla a dhéanamh, tascanna a chur in ord tosaíochta an athuair chun freagairt d'athruithe i dtimpeallacht oibre a athraíonn go tapa;

— sárchumais anailíseacha, sárscileanna réitigh fadhbanna agus réitigh coinbhleachta;

— scileanna idirbheartaíochta láidre agus an cumas prionsabail agus cearta cosanta sonraí a chosaint maidir le lucht bainistíochta sinsearach laistigh den CIE, le hinúchaithe agus le soláthraithe seirbhíse;

— sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.

**NÓS IMEACHTA**

Déanfaidh an coiste roghnóireachta iarrthóirí incháilithe a réamhroghnú ar bhunús a n-eolais agus/nó a dtaithí sa réimse agus a sócmhainní, faoi mar a luadh de réir na gceanglas speisialta in alt II thuas. Roghnófar deichniúr iarrthóirí ar a mhéad ([3]) sa chaoi sin, agus tabharfar cuireadh chuig agallamh dóibh, i dteannta le triail inniúlachta scríofa.

Déanfar measúnú san agallamh agus sa triail inniúlachta ar scileanna boga an iarrthóra, faoi mar a luadh de réir na gceanglas speisialta in alt II thuas, chomh maith lena n-inniúlachtaí teicniúla.

Is ag deireadh an nóis imeachta sin a roghnóidh an coiste roghnóireachta liosta ionadaithe den chúigear iarrthóirí ar a mhéad is fearr a chomhlíonann na ceanglais den fhógra folúntais reatha. Aicmeofar na hiarrthóirí rathúla in ord aibitíre.

Ní hionann a n-áireamh ar an liosta ionadaithe, ar chaoi ar bith, agus teidlíocht ar earcaíocht. Is é Údarás Ceapacháin CIE a bhíonn freagrach as tairiscint fostaíochta ar bith. Beidh an liosta bailí go dtí an 31 Nollaig 2021, agus féadfar é a athnuachan.

**IARRATAIS**

**Is é meán lae an 22 Bealtaine 2020 (ALE) an spriocdháta le haghaidh iarratas.**

Ní mór iarratais a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus a chur isteach **tríd an bhfoirm ar líne amháin** atá curtha ar fáil don fhógra folúntais ag:

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx#page-search—index—lang—en_US

Ní mór na doiciméid seo a leanas a bheith ag gabháil le hiarratais:

— litir inspreagtha (**trí leathanach ar a mhéad**);

— CV cothrom le dáta (**trí leathanach ar a mhéad**) a cruthaíodh trí leas a bhaint as an teimpléad Europass agus ina sonraítear dátaí cruinne (féach: http://europass.cedefop.europa.eu/);

— i gcás na n-oifigeach a oibríonn lasmuigh den Chúirt: i dteannta leis an dá ghné thuasluaite, ní mór doiciméad a sholáthar freisin ina ndeimhnítear d'fheidhmghrúpa, grád agus stádas mar oifigeach;

— ní mór d'iarrthóirí a n-éiríonn leo sna comórtais oscailte nó dóibh siúd a chuirtear ar an liosta ionadaithe tagairt an chomórtais nó an liosta ionadaithe a léiriú ina n-iarratas (CV/litir inspreagtha/foirm iarratais).

Tabhair do d'aire le do thoil nach dtabharfar san áireamh le meastóireacht ar d'iarratais ach amháin an fhaisnéis a soláthraíodh i do CV agus i do litir inspreagtha.

([3]) Ar an gcoinníoll gurb ann do dhóthain iarrthóirí.

Measfar an fhaisnéis sin a bheith barántúil agus cruinn, agus is amhlaidh dá réir a rachfar i ngleic le dliteanas an iarratasóra.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ar iarratas a fháil, fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir lena gcáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus dualgais reatha, má mheastar é sin a bheith riachtanach.

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú roimh an spriocdháta. Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. De réir na taithí atá againn, d'fhéadfadh ró-ualach a bheith ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

**Diúltófar d'aon iarratas nach gcloíonn go docht leis na treoracha sin.**

**BEARTAS EARCAÍOCHTA**

I gcomhréir le beartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, fáiltíonn an Chúirt roimh an éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar aon fhorais, agus déanann sí bearta chun a chinntiú go mbíonn an earcaíocht cothromaithe go cuí idir fir agus mná, mar a cheanglaítear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déanann an Chúirt bearta freisin chun an saol oibre agus an saol teaghlaigh a chur san áireamh.

Má theastaíonn aon socruithe speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost tamall maith roimh ré chuig ECA-Recrutement@eca.europa.eu.

**COSAINT SONRAÍ**

Tá an Chúirt tiomanta chun a áirithiú go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an ráiteas príobháideachta sonrach le haghaidh folúntas fostaíochta, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_GA.PDF

**IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH**

Má chreideann tú, tráth ar bith le linn an nóis imeachta roghnúcháin, go ndearnadh dochar duit le cinneadh, beidh na roghanna seo a leanas ar fáil duit:

I. *Iarratas ar an gcoiste roghnúcháin chun a chinneadh a athbhreithniú*

Féadfaidh tú iarratas réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach ar athbhreithniú cinnidh a ghlac an coiste roghnóireachta. Ní mór an t-iarratas seo a sheoladh, laistigh de 10 lá ó fhógairt an chinnidh, chuig ECA-Recours@eca.europa.eu.

II. *Gearáin*

De bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán a thaisceadh in aghaidh chinneadh CIE diúltú do d'iarratas laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin. Ba cheart an gearán sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Ard-Rúnaí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Lucsamburg
LUCSAMBURG

III. *Achomhairc bhreithiúnacha*

De réir Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc a thabhairt i gcoinne cinnidh chun diúltú do do ghearán, sa mhéid is go bhfeidhmeoidh sé tionchar diúltach ortsa, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór do dhlíodóir caingean den sórt sin a thabhairt laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh chun diúltú don ghearán.

IV. *Gearáin leis an Ombudsman Eorpach*

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist maidir leis an dóigh ar láimhseáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an t-iarratas uait, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit dul i dteagmháil leis an gCúirt ar dtús d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní mór duit an gearán a chur isteach i scríbhinn laistigh de dhá bhliain ó theacht ar an eolas faoi na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearán leictreonach ar fáil ar láithreán gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Ní chuirfear na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí sa chás go ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA